POBAL AMHÁIN

MOLTAÍ SHINN FÉIN MAIDIR LE DUL I nGLEIC LE SMÁL AN tSEICTEACHAIS AR AN tSOCHAÍ Ó THUAIDH

FEABHRA 2017

ARNA FHOILSIÚ AG SINN FÉIN NATIONAL DIRECTOR OF PUBLICATIONS, 44 PARNELL SQUARE, DUBLIN 1
CLÓTÓIR, NOVA PRINT
@ 155 NORTHUMBERLAND ST, BELFAST , BT13 2JF

INTREOIR

Is smál an seicteachas ar thírdhreach na polaitíochta agus na sochaí i dtuaisceart na hÉireann ar fad. Baineann seo go díreach leis an chríochdheighilt ónar eascair an stáitín tuaisceartach bunaithe ar chuntas seicteach ar líon daoine.

Is é milleadh an phoblachtachais an seicteachas agus táthar á chothú leis na céadta bliain le dhá chuid a dhéanamh de phobal na hÉireann.

Sna blianta amach ó chríochdheighilt cothaíodh an seicteachas sa tuaisceart le deighilt a choinneáil a chuideodh leis an scothaicme cheannais aontachtach agus le cuma an cheannais a chruthú d'aicme oibre na bprotastúnach thar a gcuid comharsana caitliceacha, rud a chur cosc ar chomhfhiosacht aicme aontaithe pobail.

Ba é an seicteachas a shocraigh fostaíocht, oideachas, tithíocht agus cearta vótála.

Thug sé údarás do leithcheal institiúideach, foréigean pobail agus deighilt. D' imir teagasc reiligiúin tionchar díreach ar an treo a ndeachaigh an stát agus polasaí sóisialta, agus ar chodanna imeallaithe den phobal phrotastúnach.

Tá an seicteachas fite fuaite i ngach uile ghné dár sochaí.

In ainneoin dhul chun cinn na polaitíochta agus dheireadh na coimhlinte, tá an seicteachas ina ailse ar shochaí na hÉireann. Faightear réidh leis!

FÍRINNE AN tSEICTEACHAIS

Tá baint ag an tseicteachas agus ag an deighilt leis an dóigh a dtugann an tsochaí s'againn faoin oideachas agus faoin spórt; leis an áit a gcónaíonn agus a mbuaileann daoine le chéile; agus leis an áit a n-oibríonn siad go dtí pointe.

Mura ndéantar ar shiúl agus mura réitítear an dearcadh a thacaíonn agus a bhuanaíonn nádúr na deighilte agus na coimhlinte inár sochaí, athchúrsálfaidh an cultúr 'iad agus sinn' an deighilt agus leanfaidh sé de bheith ag spreagadh úsáid an ama atá caite ina arm polaitiúil.

Is é an dearcadh seicteach an spreagadh is gríosaithí foréigean san am i láthair agus amach anseo. Tugann sé údarás dó agus dlisteanaíonn sé míshocracht leanúnach pobail agus deighilt.

Is ionann an fhírinne seo agus an bac is mó ar thodhchaí chomhroinnte, agus d'fhéadfaí a rá gurb é an dúshlán is mó é i dtaca le déileáil leis an am a chuaigh thart.

CREATLACH PHOLAITÍOCHTA

Tugann Comhaontú Aoine an Chéasta (CAAC) creatlach pholaitíochta agus prionsabail rialaithe le hiompar na polaitíochta, agus comhaireachtáil tráidisiún éagsúil agus iomaíoch a éascú.

Ina dhiaidh sin, fágann an téip i dtaca le glacadh leis na prionsabail sin ag CAAC, an cóimheas, an phaireacht ghradaim, an comhionannas agus an ceart a bheith beo saor ó chiapadh seicteach, agus tabhairt faoi aidhmeanna polaitiúla trí pholaitíocht na síochána, go gcuireann cultúr seo an tseicteachais bac ar thosaíocht na polaitíochta daonlathaí

Creideann Sinn Féin, in ainneoin méid áirithe dul chun cinn le deich mbliana anuas trí thionscadail faoi thionchair an fheidhmeannais, tionscadail ar nós Le Chéile: Pobal Comhaontaithe a Thógáil, tionscadail phobail na cosmhuintire, agus tionscadail ar thug ceannaireacht Shinn Féin fúthu leis an athmhuintearas a chur chun cinn, go bhfuil tionscadail níos dána de dhíth le bheith ina slat tomhais le dul i ngleic leis an tseicteachas.

Aithníonn Sinn Féin obair riachtanach an athmhuintearais ag tionscadail phobail na cosmhuintire, ag eagraíochtaí poiblí, ag comharchumainn, ag institiúidí oideachais, ag gnólachtaí, ag grúpaí creidimh agus ag na pobail nua in Éirinn, ó thuaidh agus ó theas.

Ní ann do mhéid inghlactha seicteachais. Tá sé dochosanta. Caithfidh gach cuid dár sochaí diúltú ar fad do ghníomh agus do fhriotail sheicteacha. Caithfidh sé go dtacaíonn smachtbhannaí dlí agus oideachas leis an iarracht seo.

Tá Sinn Féin tiomanta do dhul i ngleic leis, agus le deireadh a chur leis, an tseicteachas.

Tá muid tiomanta do phrionsabal Chomhaontú Aoine an Chéasta a gheall do shaoránaigh "an ceart a bheith beo saor ó chiapadh seicteach".

Go praiticiúil caithfidh sé go n-áiríonn seo:

1) An ceart ar fhostaíocht saor ón leithcheal, ón imeaglú agus ón ionsaí.
2) An ceart ar thithíocht agus a bheith beo i do bhaile féin saor ón leithcheal, ón imeaglú agus ón ionsaí.
3) An ceart ar shaor-chomhcheangal, ar fhóillíocht agus ar bhualadh le daoine saor ón leithcheal, ón imeaglú agus ón ionsaí.
4) An ceart creideamh agus adhradh reiligiúnach a chleachtadh saor ón leithcheal, ón imeaglú agus ón ionsaí.
5) An dualgas caint, ionsaí, imeaglú nó leithcheal ar bith seicteach a cheistiú nó a thuairisciú nuair a fheictear nó a chluintear é.
6) Freagracht an fheidhmeannais agus na bhforas reachtúil, ar a n-áirítear iad siúd taobh istigh den chóras dlí chóiriúil, seasamh leis na cearta seo agus iad a chosaint.
7) Gealltanas ó Rialtas na Breataine agus na hÉireann araon tacú go réamhghníomhach le deireadh a chur leis an tseicteachas i sochaí na hÉireann.

Caithfidh sé go n-éiríonn leis an pholaitíocht fhíordhaonlathach, saor ó chultúr agus dearcadh an tseicteachais, agus go bhfeictear seo sna hinstitiúidí s'againn faoi phrionsabail comhaontaithe agus cheangailteacha CAAC.

Caithfidh ionadaithe pobail agus ceannairí polaitíochta eiseamláir a thabhairt uathu agus stad de theanga nó gníomh a mhaslaíonn féiniúlacht duine ar bith inár sochaí.

Chuige sin, molann Sinn féin bearta agus tionscadail fhrithsheicteacha a thabhairt isteach i gcórais an rialtais ag leibhéal an fheidhmeannais agus leibhéal na n-údarás áitiúil.

Tacaíonn Sinn Féin go huile is go hiomlán leis an straitéis Le Chéile: Pobal Comhaontaithe a Thógáil (OFMDFM), agus iarrann go neartaítear é leis na bearta seo a leanas a bhfuil d'aidhm acu an bonn a bhaint den tseicteachas an lá is faide anonn:

- Sainmhíniú soiléir dlíthiúil ar an tseicteachas mar choir fuata daingnithe sa reachtaíocht, a nglacann an Tionól agus an tOireachtas leis, agus a bhfuil cur i bhfeidhm cuí agus ceadú an dlí leis.
- Seo a bheith leagtha amach i mBille Cearta faoi mar a fhoráiltear i dtéarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta.
- Ceannaireacht agus aontacht uilepháirtí d'fheachtas pobail 32 contae in éadan an tseicteachais agus na deighilte.
- Cáirt shaoránach frithsheicteahcais ar chóir dó a bheith comhshnaidhmthe i ngealllad Airí, TDanna, CTRanna, comhairleoirí áitiúla agus gach ionadaí eile pobail.
- Molann Sinn Féin go nglactar le Straitéis Athmhuintearais ar leith faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas.

10 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 10 bPOINTE

1. Glacfaidh an Feidhmeannas, an Tionól, údaráis áitiúla agus forais phobail le polasaí ar leith frithsheicteachais agus é a bheith ar fáil go poiblí ar a suíomhanna idirlín.

2. Beidh ar gach ionadaí tofa pobail le seasamh go réamhghníomhach lena ngealladh frithsheicteachais oifige, agus a mbaineann leis a chur a chur i bhfeidhm

3. Cuirfear oiliúint ar fheasacht frithsheicteachais ar gach ball foirne tionóil, státseirbhíseach agus oibrí san earnáil phoiblí le go mbíonn na scileanna agus eolas acu le gabháil i ngleic leis an bhiogóideacht.

4. Straitéis a fhorbairt i gcomhar le comharchumainn agus le fostóirí san earnáil phríobháideach le polasaí agus tionscadail a chur chun cinn a théann i ngleic le hiompar agus le leithcheal seicteach san áit oibre, agus le fostóirí a chur ar an eolas maidir leis an reachtaíocht chuí.

5. Glacfaidh gach tairgeoir a n-éiríonn leo conarthaí Rialtais nó maoiniú pobail a fháil, san earnáil phríobháideach agus dheonach araon, le polasaí frithsheicteach taobh istigh den pholasaí banaisteoireachta, agus cuirfidh siad oiliúint ar fheasacht seicteachais ar fáil don fhoireann agus do dheonaithe araon.

6. Forbrófar feachtas forleathan poiblí le feasacht a ardú faoin dochar a dhéanann an seicteachas, feachtas a aibhseoidh toradh dearcaidh agus iompair bhiogóidigh chomh maith le costas na deighilte agus na cosanta dlíthiúla in éadan an tseicteachais.

7. Riachtanas go gcuirtear gach oifigeach SPTÉ faoi oiliúint ar leith ar fheasacht seicteachais.

8. Tabharfar tionscadail fhríthsheicteachais isteach sa churaclam oideachais le tuiscint agus feasacht shoiléir ar an tsaincheist a thabhairt do gach páiste sa tuaisceart.

9. Dóigheanna nua a fhorbairt le teachtaireacht an fhrithsheicteachais a neartú do dhaoine óga taobh amuigh den tseomra ranga agus béim ar oiliúint agus ar fhorbairt frithsheicteachais.

10. Tionscadal straitéiseach a fhorbairt i gcomhar leis na 4 eagras spóirt is mó tionchar (CLG, Rugbaí, Sacar agus Dornálaíocht) leis an fhrithsheicteachas a chur chun cinn, agus le seasamh in éadan na biogóideachta agus na héadulaingthe ar fud an oileáin.